## GRÉIGIS

### An Cúrsa Gnáthleibhéil

(a) Scanadh (gan i gceist ach an Trímhéadrach Iambach agus an Heicsiméadar).

(b) Téacsanna dualgais:

### Gnáthchúrsa

**Greek Course:** *Reading Greek – Text* le Comhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (The Joint Association of Classical Teachers, J.A.C.T.) arna fhoilsiú ag an Cambridge University Press. Ranna a Ceathhairdéag go dtí a Naoidéag (an dá roinn sin san áireamh.)

**Nota.** (1) Ní mór ranna a hAon go dtí a Trídeag (an dá cheann san áireamh) a léamh mar ullmhúchán riachtanach don staidéar ar na ranna dualgais agus don aistriúchán ar théacs nach bhfacthas. (2) An t-imleabhar eile a ghabhann leis, *Reading Greek – Grammar, Vocabulary and Exercises,* is cuid riachtanach é den Chúrsa Gréigise (J.A.C.T. agus ní mór feidhm a bhaint as a gcomhuain le "Reading Greek – Text", de réir na dtreoracha a thugtar sna Réamhráite don dá imleabhar.

(c) Téacs neamhdhualgasach:

*Trí shlíocht* as saothair na n-údar seo a leanas†:-

Seineafón, Túicídidéas, Hómar, Eoiripidéas, na Ceithre Soiscéil agus Gníomhartha na nAspal.

(d) Stair (Ealaín agus Litríocht san áireamh):

(i) An tréimshe ó thus chogadh na bPeilipinéiseach go bás Alastairi Mhóir.

Cuirfear ceisteanna ginearálta chomh maith ar stair bhunreachtúil agus ar institiúidí na hAithne agus Sparta, óna dtús go deireadh an chúigiú céad R.C.

(ii) Cuirfear ceisteanna ginearálta liltríochta ar shaol agus ar shaothar (an cúlra ábharthach san áireamh) na mór-údar Gréagach ó Hómar go hArastatail.

Ba chóir staidéar a dhéanamh chomh maith ar ealaín na nGréagach. Cuirfear ceistenna ginearálta air sin agus beifear ag súil le heolas a bheith ag na hiarrthóirí, trí úsáid stiallscannán agus léirithe nua-aoiseacha, ar eiseamláirí de shnoíodóireacht, idir ársa agus chlasaiceach (snoíodóireacht na hailtireachta san áireamh), ar ailtireacht na dteampall, agus ar na

vásaphéintéireacht dheargfhíorach Aiticeach.  Beidh ar na hiarrthóirí *trí cheist* a thoghadh as na ceisteanna a chuirfear sa roinn seo den pháipéar scrúdaithe agus ní mór *ceann amháin* de na trí cheist sin a thoghadh as (i) agus as (ii) leith ar leith.

† Tá liosta na núdar ina chomhartha ar réimse an ábhair a mheastar a bheith oiriúnach.

Cuirfear ceithre shliocht sa pháipéar Gnáthleibhéil agus iarrfar as na hiarrthóirí trí cinn díobh sin a aistriú.  Ar an bpáipéar Ardleibhéil iarrfar ar iarrthóirí trí shliocht a thogadh as an gceithre shlíocht a chuirfear.

Cuirfear cúnamh foclóireachta ar fáil i gcás na sleachta neamh-dhualgasacha ar fad a chuirfear sna páipéir scrúdaithe.

## An Cúrsa Ardleibhéil

(a) Aistriú go Gréigis ar shliocht chearthanúnach sa teanga dhúchais.

(b) Scanadh (gan i gceist ach an Trímhéadrach Iambach, an Heicsiméadar agus an Teitriméadar Trócaech).

(c) Téacsanna dualgais:

**Greek Course**: *The Intellectual Revolution* le Comhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.), arna fhoilsiú ag an Cambridge University Press – Leathanaigh 118-139, agus an dá leathanach sin san áireamh. (Sleachta, I nGréigis agus ina n-aistriúcháin, as Platón “Apology” agus “Phaedo”.

**Nó**

**Greek Course**: *A World of Heroes* le Comhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T), arna fhoilsiú ag an Cambridge University Press – Leathanaigh 4 -34, agus an dá leathanach sin san áireamh (Hómar “IIiad”, leabhar XXII).

(d) Téacs neamhdhualgasach:

*Trí shliocht* as saothair na núdar seo a leanas:-
Seineafón, Túicídidéas, Hómar, Eoiripidéas, na Ceithre Soiscéil agus Gníomhartha na nAspal, saothair Shofaicléas agus Platón (na hagallaimh shimplí), Herodotus.

(e) Stair (Ealaín agus Litríocht san áireamh):
Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil.

## Roinnt na Marcanna

**Gnáthleibhéal**

(a) Téacs Dualgais:

| | | |
|---|---|---|
| Aistriú…………………………………. | 60} | |
| Ceisteanna | 40}………………………. | 100 |

(b) Údair agus saothair ainmnithe (70 x 3)…………………………………... 210

(c) Stair, Ealaín agus Litríocht: (30 x 3)……………………………………… 90

**Ardleibhéal**

(a) Aistriú go Gréigis………………………………………………………… 50

(b) Téacs dualgais:

| | | |
|---|---|---|
| Aistriú………………………… | 50} | |
| Ceisteanna……………………. | 30}…………………….. | 80 |

(c) Údair agus saothair ainmnithe: (60 x 3)…………………………………. 180

(d) Stair, Ealaín, Litríocht: (30 x 3)…………………………………………. 90

Is iad seo a leanas na téacsanna dualgais le haghaidh scrúdú na hArdteistméireachta 1989:-

**Gnáthchúrsa**

Is mar a chéile na téacsanna dualgais do 1989 agus na téacsanna dualgais do 1988. **Greek**

**Greek Course:** The Intellectual Revolution le Comhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.), arna fhoilsiú ag an Cambridge University Press – Leathanaigh 4-43, agus an dá leathanach sin san áireamh. (Sleachta, I nGréigis agus ina n-aistriúcháin, as Euripides “Medeia”).

**nó**

*Greek Course: A World of Heroes* le Comhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.), arna fhoilsiú ag an Cambridge University Press – Leathanaigh 56-95, agus an dá leathanach sin san áireamh, (Sleachta, in nGréigis agus ina n-aistriúcháin, as Herodotus, leabhair I agus VII)